C/2025/3939

16.7.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3939)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande’

EU PGI-FR-0861-AM01 — 24.4.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán tionscnamh faoi chosaint (ATFC)

☒ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ táirgí talmhaíochta

☐ fíonta

☐ deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní áirítear athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin ar na leasuithe a dtugtar tugadh tuairisc orthu agus a dtugtar bunús leo. Níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(b) ar neamhní, ná níl srianta breise i gceist leo maidir le cur ar an margadh an táirge. Dá bhrí sin, comhlíonann na leasuithe an sainmhíniú ar leasú caighdeánach.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Roinn fhreagrach sa Bhallstát*

Cuireadh an roinn dar teideal ‘An roinn fhreagrach sa Bhallstát’ isteach, ar roinn í ina dtugtar mionsonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de la qualité et de l’origine – INAO), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Grúpa is iarratasóir*

Soláthraíodh sonraí teagmhála agus foirm dhlíthiúil APROSELA [comhlachas um shalann ar mionscála a chur chun cinn].

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Cineál an táirge*

Rinneadh an roinn a bhaineann leis an gcineál táirge, a sainíodh roimhe seo de réir a aicme, a scriosadh ón tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Tuairisc ar an táirge*

Baineadh na rialacha maidir le dath bándearg an *fleur de sel* agus a sciar de tháirgeadh iomlán salainn.

Cuireadh mionsonraí isteach maidir leis an ainm a úsáidtear le haghaidh meascáin salainn agus *fleur de sel*. I gcásanna den sórt sin, úsáidtear an t-ainm 'Sel de Guérande'.

Athraíodh an fhoclaíocht san abairt ina dtuairiscítear saintréithe an tsalainn chun a shoiléiriú go bhfuil feidhm acu sin le linn na céime tosaigh den phacáistiú. Níl aon athrú ar bhunluachanna shaintréithe an tsalainn.

Baineadh an ceanglas maidir leis an táirge a dhíol i bpacáistíocht shéalaithe. Cuireadh ceanglas ina ionad go ndéanfar an pacáistiú tosaigh sa limistéar geografach. Chomh maith leis sin, tá léiriú ann nach mór an táirge a mhargú le tomhaltóirí i gcoimeádáin shéalaithe nó ar an mórchóir.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Sainmhíniú ar an limistéar geografach*

Rinneadh roinnt athruithe ar fhoclaíocht na roinne sin chun na céimeanna nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta agus chun na rialacha atá i bhfeidhm a chomhlíonadh. Mar sin féin, tá athrú déanta ar shainiú an limistéir gheografaigh. Ní mór an bhuaint, an stóráil, an tsórtáil agus an pacáistiú tosaigh ar fad a dhéanamh sa limistéar geografach.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Fianaise gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge*

Rinneadh tuairisc ar na catagóirí oibreora agus ar na gníomhaíochtaí a dhéanann siad i ndáil leis an tsonraíocht táirge a chur isteach sa roinn.

Scriosadh an tsreabhchairt inrianaitheachta toisc go bhfuil an fhaisnéis uile sa tábla achoimre inrianaitheachta.

Baineadh tréimhse choinneála an doiciméid toisc go bhfuil sí sna socruithe maidir le cigireacht a dhéanamh ar an tsonraíocht táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Tuairisc ar an modh trína bhfaightear an táirge*

Rinneadh roinnt coigeartuithe ar an saolré, go háirithe cuireadh céim isteach chun rialacha a bhunú maidir leis na coinníollacha a bhaineann le bailiú agus le hiompar. Baineadh an chéim i dtaca leis an áit phróiseála toisc gur féidir an chéim sin a dhéanamh lasmuigh den limistéar geografach. Baineadh na saintréithe fisiceacha den chéim i dtaca le próiseáil toisc go bhfuil na saintréithe sin ag a bhfuil na luachanna céanna, sna céimeanna maidir le sórtáil agus le margú na dtáirgí cheana féin. Ar deireadh, táthar tar éis an chéim i dtaca le pacáistiú i gcoimeádáin shéalaithe a athrú go dtí an chéim i dtaca le pacáistiú tosaigh i gcoimeádáin shéalaithe.

Scriosadh roinnt rialacha lena dtuairiscítear na riasca agus oibriú réisc ghoirt toisc nach ítimí cigireachta iad. Coinníodh roinnt rialacha ar bun chun na huirlisí a úsáideann táirgeoirí le linn táirgthe agus an próiseas chun sáile a thiontú ina shalann a chur i láthair.

Cuireadh isteach riail chun a shoiléiriú go bhfuil toirmeasc freisin, i gcás stóráil roimh phacáistiú tosaigh, ar bhoinn agus ar channaí chun tarpóil a dhaingniú ina n-ionad, ar boinn agus cannaí iad a bhí toirmiscthe cheana féin i gcás stóráil iarbhuainte.

Cuireadh riail isteach lena gceanglaítear ábhair a úsáidtear le linn teagmháil le salann ag na céimeanna bailithe agus iompair a bheith támh.

Scriosadh an ceanglas maidir leis an táirge a dhíol i bpacáistíocht shéalaithe. Tríd an gceanglas sin a scriosadh, is féidir an táirge a dhíol ar an mórchóir le tomhaltóirí.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc leis an timpeallacht gheografach*

Rinneadh na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc leis an timpeallacht gheografach a athscríobh agus a thabhairt cothrom le dáta gan iad a athrú. Leanann an nasc de bheith bunaithe ar cháil mhodha táirgthe arb é atá ann seanteicníc tiúchana salainn ó sháile agus 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a bhuaint de láimh trí úsáid as uirlisí láimhe. Bhíothas in ann an táirge traidisiúnta seo a choinneáil ar bun thar na blianta mar gheall ar thosca daonna, chomh maith le saintréithe na timpeallachta atá fabhrach do chriostalú salainn sna riasca goirte, atá mar bhonn taca faoi na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc leis an timpeallacht gheografach.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Lipéadú*

Tugadh na rialacha lipéadaithe cothrom le dáta chun an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a léiriú, inar cuireadh tagairt isteach ar mhaithe le soiléireacht ina luaitear nach mór lógó an TGFC a bheith sa réimse radhairc céanna le hainm an TGFC. Soiléiríodh freisin go bhféadfar suíomh gréasáin an ghrúpa is iarratasóir a bheith ar an lipéadú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Comhlacht cigireachta*

Tá sonraí teagmhála na n-údarás atá freagrach as cigireachtaí a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar fáil anois, i.e. an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) agus an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, Gnóthaí Tomhaltóirí agus Cosc Calaoise (DGCCRF). Is féidir ainm agus sonraí teagmhála an chomhlachta deimhniúcháin a aimsiú ar shuíomh gréasáin INAO agus i mbunachar sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Ceanglais náisiúnta*

Cuirtear an roinn seo i láthair i bhfoirm tábla ina dtaispeántar na príomhítimí atá le seiceáil agus na modhanna meastóireachta atá le húsáid.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande'

Uimh. AE: PGI-FR-0861-AM01 — 24.4.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Fhrainc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 25 SALANN; SULFAR; ITHREACHA AGUS CLOCHA; ÁBHAIR PHLÁSTRÁLA, AOL AGUS STROIGHIN

2501 – Salann (lena n-áirítear salann boird agus salann dínádúraithe) agus clóiríd sóidiam íon, bídís i dtuaslagán uiscí nó ná bídís nó bíodh gníomhaithe frithstolptha nó saorshreafa curtha leo nó ná bíodh; uisce mara

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is salainn mhara lámhbhuainte iad 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a fhoinsítear go heisiach ó riasca goirte tar éis thiubhiú agus chriostalú an tsalainn san uisce. Is salainn sáile neamhscagtha iad nach nitear tar éis iad a bhuaint. Is criostail chlóiríde sóidiam iad den chuid is mó, ach bíonn salainn mhianracha agus riandúile eile iontu go nádúrtha freisin.

Airíonna fisiceacha:

Bíonn cion ábhair dhothuaslagtha nach mó ná 1 % in 'Sel de Guérande', ní bhíonn aon earra coimhthíoch níos mó ná 8 mm ann agus bíonn cion taise nach mó ná 12 % ann.

Bíonn cion ábhair dhothuaslagtha nach mó ná 0,20 % in 'Fleur de sel de Guérande', ní bhíonn aon earra coimhthíoch níos mó ná 3,5 mm ann agus bíonn cion taise nach mó ná 12 % ann.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na hoibríochtaí seo a leanas a dhéanamh sa limistéar geografach: buaint, stóráil, sórtáil, pacáistiú tosaigh.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a phacáistiú i gcoimeádáin dhúnta shainaitheanta, fiú nuair a bhíonn an phacáistíocht sealadach (i gcás go ndéanfar próiseáil agus/nó athphacáistiú ina dhiaidh sin), agus déantar iad a mhargú le tomhaltóirí agus iad i gcoimeádáin shéalaithe nó ar an mórchóir.

Chun a áirithiú gur féidir na táirgí a shainaithint go leordhóthanach, ní fhéadfar 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a aistriú ón limistéar geografach ach amháin tar éis pacáistiú tosaigh agus lipéadú a dhéanamh.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar an lipéad:

— an t-ainm 'Sel de Guérande' le haghaidh an tsalainn léith agus táirgí a dhéantar tríd an salann a thriomú nó a mheilt;

— an t-ainm 'Fleur de sel de Guérande' le haghaidh shalann *fleur de sel*;

— lógó TGFC an Aontais Eorpaigh sa réimse radhairc céanna le hainm an TGFC.

— ainm, seoladh agus/nó suíomh gréasáin an ghrúpa [is iarratasóir].

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá na ranna agus na bardais seo a leanas sa limistéar:

I roinn Loire-Atlantique, bardais Assérac, Batz-sur-Mer, Besné, Bouée, Campbon, Crossac, Donges, Drefféac, Guenrouët, Guérande, Herbignac, Lavau-sur-Loire, La Baule-Escoublac, La Chapelle-des-marais, La Chapelle-Launay, La Turballe, Le Croisic, Le Pouliguen, Malville, Mesquer, Missillac, Montoir-de-Bretagne, Piriac-sur-Mer, Pontchâteau, Pornichet, Prinquiau, Quilly, Saint-André-des-eaux, Saint-Gildas-des-Bois, Saint-Joachim, Saint-Lyphard, Saint-Malo-de-Guersac, Saint-Molf, Saint-Nazaire, Sainte-Anne-sur-Brivet, Sainte-Reine-de-Bretagne, Savenay, Sévérac, Trignac.

I roinn Morbihan, bardais Camoël, Férel, La Roche-Bernard, Nivillac, Pénestin, Saint-Dolay, Théhillac.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc bunaithe ar cháil 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande', ar cáil í a tuilleadh a bhuí le saineolas na n-oibrithe salainn a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Is toradh iad na táirgí ar theicníc trína ndéantar salann sáile a thiúchan trí ghalú nádúrtha an uisce. Ráthaíonn an limistéar geografach sainithe agus an aeráid aigéanach, in éineacht le buaint de láimh trí úsáid a bhaint as uirlisí traidisiúnta, saintréithe uathúla 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a bhfuil a gcáil láidir cruthaithe acu thar na blianta.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Agus é suite idir béal abhainn an Loire agus béal abhainn an Vilaine, is saintréith de chuid réigiún Guérande í aeráid aigéanach (geimhrí cineálta, samhraí fionnuara) agus, sa samhradh, bíonn níos lú laethanta báistí ann agus titeann níos lú báistí ann (idir 500 agus 600 mm in aghaidh na bliana) i gcomparáid leis an gcuid is mó de na réigiún eile sa Fhrainc.

Tá riasca goirte Guérande suite taobh thiar de dhumhcha a chosnaíonn iad ar an mborradh ar sheanmhóinéir mhuirí ('Les Bôles') a dhraenáiltear ag sruthanna taoide arna leathnú ag *bondres** [cainéil rochtana] agus *étiers** [cainéil taoide].

Mar gheall ar chion cré na n-ithreacha agus toisc go bhfuil an chré sin intuargainte agus neamhscagach, bhíothas in ann riasca goirte de dhéantús an duine a thógáil. Cuireann airíonna coinneála teasa na cré le táirgeadh an tsalainn freisin ós rud é, i mí Lúnasa, ionsúnn an chré an teas i rith an lae, ar teas é a aistrítear ansin chuig uiscí dromchla na riasc goirt. Mar thoradh ar an malartú teasa sin, coinnítear teochtaí na hoíche ard sna *adernes** [riasca goirte] agus sna *œillets** [loig shalainn] agus ligtear don ghalú leanúint ar aghaidh.

Ós rud é go dtagann táirgeadh 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' faoi chora na haeráide, féadfaidh athrú mór a bheith ann ó bhliain go bliain.

Is saineolas traidisiúnta sonrach é an bealach ina mbainistítear leibhéil uisce in abhantracha éagsúla na riasc goirt, agus na teicnící a úsáidtear chun 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' a bhuaint. Is é atá i scil an oibrí salainn an tslí ina ligeann sé don salann san uisce tiúchan thar roinnt seachtainí – agus é i gcúrsaíocht in abhantracha uile an chórais. Go háirithe, trí shreabhadh an uisce agus a thiús a rialáil, ní mór don oibrí sáile tiubhaithe, atá an-ghar don phointe criostalaithe, a choinneáil laistigh de na riasca goirte.

Ní féidir 'Sel de Guérande' agus 'Sel de fleur de Guérande' a bhuaint ach amháin i riasca goirte ina bhfuil cré, a tharlaíonn go nádúrtha i gcomhthráth ag suíomh idir ardtaoidí agus lagthaoidí in áit lena mbaineann raon fairsing taoide. Is gnéithe riachtanacha de thírdhreach Guérande agus den saineolas áitiúil iad castacht an ghréasáin uisce agus struchtúr na riasc goirt.

Sainiúlacht na táirgí

Is é saintréith cheannasach 'SEL de Guérande' a dhath beagáinín liath agus a chion taise measartha ard nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná 12 %. Is é saintréith cheannasach 'Fleur de sel de Guérande' a dhath bán nádúrtha agus a chion taise measartha ard nach bhféadfaidh a bheith níos mó ná 12 %. Uaireanta d'fhéadfadh dath beagáinín scoth-bhándearg a bheith air mar gheall ar mhiocralgaí (*Dunaliella salina*) agus flóra baictéarach halaifileach a bheith ann. Mar sin féin, imíonn an dath sin le linn dhraenáil nádúrtha an *fleur de sel*.

Tá *Fleur de sel* níos teirce ná salann liath mar gheall ar a chriostalú speisialta.

Mar gheall ar a dtionscnamh muirí agus ar an gcaoi a mbuantar iad, bíonn leibhéil arda maignéisiam bhith-infhaighte sna táirgí chomh maith le cailciam, potaisiam agus riandúile.

Is táirgí nádúrtha neamhscagtha iad 'Sel de Guérande' agus 'Sel de fleur de Guérande', nach nitear tar éis na buainte agus a bhíonn saor ó bhreiseáin. D'fhéadfadh 'Sel de Guérande' a bheith meilte.

Cuireann struchtúr na riasc goirt a bhaineann go sonrach le habhantrach Guérande leis an saineolas traidisiúnta. Is éard atá sna riasca goirte sraith abhantrach atá fite ina chéile agus a bhfuil cruth geoiméadrach orthu. Is é is cúis leis an struchtúr sin tosca stairiúla agus topagrafacha atá nasctha le hairíonna na hithreach.

Mar gheall ar an mbealach traidisiúnta ina n-oibrítear na riasca goirte, déantar an t-uisce a íonú go nádúrtha agus déantar an t-ábhar ar fuaidreamh a scinceáil ar fud an chiorcaid uisce ar fad go dtí go sroicheann an t-uisce na loig shalainn ina mbuantar an salann agus an *fleur de sel*.

Buantar an *fleur de sel* de láimh trí uirlis speisialta ar a dtugtar *lousse** a úsáid, trí dhromchla na log salainn a tháirgeann salann liath (próiseas ar a dtugtar an *cueillette*) a scimeáil, sula dtéann sé go bun na habhantraí áit nach féidir é a bhuaint a thuilleadh mar *fleur de sel*.

Buantar '*Sel de Guérande*' i dtrí chéim: bailítear na criostail le chéile i lár na log salainn, tugtar i dtreo an *ladure* iad [ardán speisialta] agus déantar iad a scríobadh aníos air sin. Tarlaíonn gach ceann de na trí chéim i sáile trí úsáid a bhaint as uirlisí traidisiúnta. Trí *las** [ráca adhmaid] a úsáid, is féidir an sáile sna loig shalainn a mheascadh agus na criostail a shocraíonn ag bun an loig salainn a bhogadh, agus na cáithníní cré a fhágáil gan bogadh. Ansin, bailítear an salann a aistrítear ag an *ladure** [ardán speisialta ar imeall an loig salainn] sula dtarraingítear aníos air é.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge.

Tá an modh buainte a úsáidtear i riasca goirte leithinis Guérande difriúil leis an modh a úsáidtear i limistéir táirgeachta eile.

Is gnéithe riachtanacha de thírdhreach Guérande agus den saineolas áitiúil iad castacht an ghréasáin uisce agus struchtúr na riasc goirt.

Tá an méid seo a leanas ina shaintréith de shaineolas oibrithe salainn Guérande:

— athruithe ar an taoide a úsáid chun na taiscumair a athshlánú go nádúrtha (ardtaoidí lena ngabhann raon fairsing taoide) agus chun na riasca goirte a fholmhú (lagthaoide mhallmhara), agus gluaiseacht an uisce ó abhantrach amháin go ceann eile á spreagadh ag domhantarraingt.

— trí chineál abhantraí a úsáid: taiscumair, linnte tiúchana agus galaithe, agus loig shalainn. Tá linnte tiúchana agus loga salainn sna riasca goirte. Scarann claífoirt na taiscumair ó na riasca goirte i gcónaí.

— minicíocht na buainte: bíonn an bhuaint séasúrach (ó lár mhí an Mheithimh go lár mhí Mheán Fómhair de ghnáth) agus déantar í gach lá ach sin faoi réir na dálaí aimsire cearta a bheith ann. Cuirfidh aon bháisteach stop le próiseas tiúchana na sáile nó cuirfidh sí siar é. Os a choinne sin, tá gá le gaoth agus le solas na gréine chun salann liath agus *fleur de sel* a tháirgeadh.

— buaint an tsalainn as an sáile: bíonn na loig shalainn clúdaithe le huisce i gcónaí ionas nach stopfar an próiseas tiúchana gach uair a bhailítear an salann.

— próiseas neamh-mheicnithe buainte agus iompair an tsalainn go dtí an carn salainn.

— gnólachtaí aonair, gnólachtaí teaghlaigh nó gnólachtaí ball-rialaithe.

Tá na saintréithe sin fíor-riachtanach do tháirgeadh agus do ghnáthghnéithe an táirge.

Tá na chéad taifid scríofa ar riasca goirte i réigiún Guérande le fáil i gcartlann Mhainistir Redon dar dáta an 15 Nollaig 854. Cé gur tháinig borradh mór faoi riasca goirte Guérande i ndáiríre idir an 10ú haois agus an 14ú haois, tháinig méadú suntasach ar an líon log salainn ón 16ú haois, agus shroich siad buaicphointe sa 19ú haois. Idir 1840 agus 1960, mar thoradh ar iomaíocht ó shalann carraige as tíortha eile agus ó shalann mara ón Meánmhuir, tréigeadh na riasca goirte nó baineadh úsáidí eile astu. Mar gheall ar an meath a tháinig ar úsáid salainn le haghaidh leasú bia, tháinig laghdú ar tháirgeadh freisin.

Ó bhí 1970 ann, tháinig méadú ar tháirgeadh salainn in abhantrach Guérande. Tá na riasca goirte agus na teicnící táirgthe a úsáidtear mar an gcéanna leis na céadta blianta anuas, agus tá teicnící traidisiúnta á n-úsáid chun na riasca goirte a athbhunú.

Is i leithinis Guérande atá an t-aon ionad gairmoiliúna do tháirgeoirí salainn (i gcomhar le Comhlachas Talmhaíochta Loire-Atlantique). D'fhreastail formhór na ngairmithe a bhí ag obair feadh chósta Atlantach na Fraince ar an ionad oiliúna sin a bhunaigh oibrithe salainn Guérande in 1979

Tá blas agus cáilíochtaí cothaitheacha ar leith shalann 'Sel de Guérande' agus 'Fleur de sel de Guérande' aitheanta le fada sa Fhrainc agus ar fud an domhain. Leis na céadta blianta, aithnítear 'Sel de Guérande' mar shalann na mbeadaithe bia. De réir ráflaí coitianta, ní cheadódh an Rí Louis XIV ach salann ó riasca goirte Guérande ar a bhord, a raibh sé den tuairim ina leith go raibh dea-bholadh fíneálta sailchuaiche air, agus tá an cháil sin tugtha ar aghaidh go dtí an lá inniu.

Tá *Fleur de sel* le feiceáil san fhógraíocht le haghaidh *fleur de sel de Loire Inférieure* a théann siar go dtí na 1930í. Mar sin féin, ní raibh eolas maith ar an ainm go dtí deireadh na 1970í, agus ghlac sé ionad na n-ainmneacha 'salann bán', 'salann mín' nó 'salann Guérande' de réir a chéile, ar ainmneacha iad sin a úsáideadh roimhe sin don táirge sin sular bhfuair sé aitheantas margaidh dó féin.

Scaip clú na n-ainmneacha 'Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande' nuair a rinneadh forbairt tráchtála ar na táirgí sin i ndeireadh na 1980í. Cuireadh an t-ainm 'Sel de Guérande' ar an margadh do thomhaltóirí le linn lainseáil tráchtála agus fógraíochta na chéad gníomhaíochta comhchoitinne a d'aithin an stát faoin ainm *Sel Marin de l'Atlantique* an 8 Iúil 1991. Le linn na tréimhse céanna, rinneadh forbairt shuntasach tráchtála ar an ainm 'Fleur de sel de Guérande' freisin.

Déantar tagairt sna céadta alt do 'Sel de Guérande' agus/nó 'Fleur de sel de Guérande', ina gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá gnóthachtálacha na n-oibrithe salainn maidir le cáilíocht agus maidir le cineál speisialta na dtáirgí a shaothraíonn siad (salann liath agus *fleur de sel*) agus maidir le bainistiú limistéir íogair cósta.

Is féidir spéis tomhaltóirí in 'Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande' a fheiceáil i staidéir agus i suirbhéanna arna ndéanamh ag eagraíochtaí agus ag dáileoirí margaíochta tráchtála. I margadh le haghaidh táirge an-choitianta, bhí 'Sel de Guérande' ina cheannródaí sa deighleog den mhargadh salainn a dhéanann idirdhealú, sa lá atá inniu ann, idir 'salann bunaidh' agus salainn de chineál eile. Luaitear cáil 'Sel de Guérande / Fleur de sel de Guérande' i gcuid mhór saothar faoi bhia agus faoi ghastranamaíocht. Thairis sin, tá sé curtha in iúl ag roinnt bialannaithe iomráiteacha sa Fhrainc agus i gcuid mhór tíortha eile gur fearr leo an salann sin.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-1c7a07de-26fd-4c3e-b185-5ea26b6fbd69